Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Meitheamh 2025
(OR. en)

8865/25

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0187 (CNS)**

JAI 579
FRONT 111
VISA 69
FREMP 116

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Rialachán ón gComhairle maidir le neartú a dhéanamh ar shlándáil cártaí aitheantais shaoránaigh an Aontais agus doiciméad cónaithe arna n-eisiúint do shaoránaigh an Aontais agus baill dá dteaghlaigh a fheidhmíonn a gceart chun saorghluaiseachta<br>- Glacadh |

1. An 24 Iúil 2024, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir le neartú a dhéanamh ar shlándáil cártaí aitheantais shaoránaigh an Aontais agus doiciméad cónaithe arna n‑eisiúint do shaoránaigh an Aontais agus baill dá dteaghlaigh a fheidhmíonn a gceart chun saorghluaiseachta. Ceanglaítear le bunús dlí an togra, is é sin Airteagal 77(3) CFAE, go ngníomhóidh an Chomhairle d'aon toil tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

2. I litir dar dáta an 27 Meán Fómhair 2024, d'iarr an Chomhairle ar Pharlaimint na hEorpa a tuairim maidir leis an togra ón gCoimisiún a chur i láthair a luaithe ab fhéidir, agus faoin seisiún iomlánach an 13 agus an 14 Samhain 2024 ar a dhéanaí.

3. An 20 Samhain 2024, arna iarraidh sin do Chathaoirleach Choiste LIBE, Javier Zarzalejos, chinn Coiste na mBuanionadaithe síneadh a chur leis an teorainn ama go dtí an 15 Aibreán 2025.

4. Rinneadh anailís mhionsonraithe ar an togra ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Theorainneacha an 12 Meán Fómhair 2024, agus pléadh téacsanna comhréitigh ón Uachtaránacht ag cruinnithe Chomhairleoirí CGB an 14 Deireadh Fómhair, an 6 Samhain agus an 5 Nollaig 2024. Ag an gcruinniú a bhí acu an 5 Nollaig 2024, tháinig Comhairleoirí CGB ar chomhaontú maidir le téacs.

5. An 11 Nollaig 2024, tháinig Coiste na mBuanionadaithe ar chomhaontú i bprionsabal maidir leis an téacs comhréitigh d'fhonn dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa maidir leis an téacs sin.

6. An 2 Aibreán 2025, ghlac Parlaimint na hEorpa a tuairim ar an téacs.

7. An 30 Aibreán 2025, pléadh téacs comhréitigh ón Uachtaránacht, inar ionchorpraíodh cuid de na leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa sa téacs a comhaontaíodh roimhe sin, ag cruinniú de Chomhairleoirí CGB. Thacaigh na toscaireachtaí uile leis an téacs, cé is moite de trí thoscaireacht nach raibh bailchríoch curtha acu ar a seasaimh go fóill. Tar éis an chruinnithe, chuir na toscaireachtaí sin in iúl i scríbhinn go bhféadfaidís tacú leis an téacs.

8. I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

9. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle an méid seo a leanas ag seisiún a bheidh aici amach anseo:

- an Rialachán ón gComhairle, mar a leagtar amach in 8375/25 é, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air, a ghlacadh mar mhír 'A', agus
- cinneadh a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 17(1)(a) de Rialacha agus Nósanna Imeachta na Comhairle, an Rialachán ón gComhairle thuas a fhoilsiú i sraith 'L' den Iris Oifigiúil